Conradh maidir le hAirteagal 4 den Data Act

Brollach

Rialaíonn an conradh seo na coinníollacha maidir le soláthar agus úsáid sonraí i dtaca le táirgí nasctha. Comhaontaíonn na páirtithe modhanna an soláthar sonraí agus na húsáide de réir fhorálacha an Data Act agus go háirithe de réir fhorálacha Airteagail 4 den Data Act.

1. Sainmhínithe

1.1 Ciallaíonn "**Data Act**" an Rialachán (AE) 2023/2854.

1.2 Is é is "**sealbhóir sonraí**" ann Volkswagen AG, Berliner Ring 2, 38440 Wolfsburg, Deutschland.

1.3 Is é is "**tríú páirtí**" ann ná aon duine nádúrtha nó dlítheanach nach sealbhóir sonraí nó úsáideoir é.

1.4 Ciallaíonn "**RGCS**" an Rialachán (AE) 2016/679.

1.5 Is sonraí iad "**Sonraí feithicle**" atá ar fáil gan dua de réir Airteagal 2(17) den Data Act mar aon leis na meiteashonraí riachtanacha.

1.6 Tá "**Rún Gnó**" sainmhínithe in Airteagal 2(1) den Treoir (AE) 2016/943.

1.7 Tugtar "**Tairseach GIS**" ar an mbonneagar digiteach, trína ndéantar soláthar agus rochtain ar shonraí de réir an Data Act.

1.8 Ciallaíonn "**úsáideoir**" úsáideoir de réir Airteagal 2(12) den Data Act.

1.9 Ciallaíonn "**Páirtí**" nó "**Páirtithe**" an sealbhóir sonraí agus/nó an t-úsáideoir.

1.10 Is é is "**sonraí a bhaineann le slándáil**" ann ná sonraí feithicle a d'fhéadfadh, de réir Airteagal 4(2) den Data Act, cur isteach ar chomhlíonadh ceanglas sábháilteachta dlíthiúla i dtaobh na feithicle agus dá bhrí sin d'fhéadfadh tionchar díobhálach tromchúiseach a bheith acu ar shláinte nó ar shábháilteacht daoine nádúrtha.

1.11 Ciallaíonn "**conradh**" an conradh seo maidir le hAirteagal 4 den Data Act.

Ina theannta sin, tá feidhm ag sainmhínithe téarmaí an Data Act.

2. Tairiscint agus cruthú an chonartha

2.1 Tugann an sealbhóir sonraí tairiscint cheangailteach don úsáideoir ar an tairseach GIS chun an conradh seo a dhéanamh.

2.2 Tagann an conradh idir na páirtithe i bhfeidhm trí dhearbhú na gcoinníollacha conartha seo agus tríd an cnaipe cuí a bhrú ar an tairseach GIS („EU Data Act Portal").

3. Dualgais ghinearálta an úsáideora

Geallann an t-úsáideoir gach beart réasúnta a dhéanamh chun a chinntiú go gcomhlíontar na ceanglais seo a leanas le linn thréimhse iomlán an chonartha:

3.1 Don tréimhse ina n-iarrtar sonraí de réir an Data Act tá an t-úsáideoir mar úinéir an táirge nasctha nó tá sé i dteideal de réir an chonartha, an táirge nasctha a úsáid agus/nó na seirbhísí gaolmhara a úsáid mar chuid den chonradh. Geallann sé faisnéis agus doiciméid réasúnta a chur ar fáil ar éileamh ón sealbhóir sonraí chun úinéireacht nó teidlíocht chonarthach a chruthú.

3.2 Tá an t-úsáideoir freagrach as táirgí nasctha nó seirbhísí gaolmhara a chur ar fáil do thríú páirtithe. I gcás go dtagann athrú ar shaintréithe úsáideora (m.sh. athdhíol, deireadh le comhaontú cíosa), tá sé de dhualgas ar an úsáideoir a chinntiú ar bhealach réasúnta go gcuirfear cosc ar úsáid neamhúdaraithe ag tríú páirtithe ina dhiaidh sin. Go háirithe, ní mór a chinntiú nach féidir le húsáideoir nua sonraí feithicle a aisghabháil de réir an Data Act mura bhfuil sé údaraithe chuige sin. Is féidir é seo a dhéanamh tríd na cuntais ábhartha a scriosadh, i measc rudaí eile.

4. Úsáid sonraí feithicle ag an úsáideoir

4.1 Ní ceadmhach don úsáideoir na sonraí feithicle a úsáid ach de réir fhorálacha dlíthiúla (go háirithe Data Act agus RGCS) agus na rialachán a comhaontaíodh sa chonradh seo.

4.2 Go háirithe, ní ceadmhach don úsáideoir, de réir Airteagal

(a) 4(10) den Data Act, úsáid a bhaint as sonraí feithicle chun táirge nasctha a fhorbairt atá i gcomórtas leis an táirge nasctha as a dtagann na sonraí feithicle, nó na sonraí feithicle a chur ar aghaidh chuig tríú páirtí leis an rún seo nó a úsáid chun léargas ar staid eacnamaíoch, ar shócmhainní agus ar mhodhanna táirgthe an mhonaróra nó, más infheidhme, an tsealbhóra sonraí a fháil;

(b) 4(11) den Data Act, comhéigniú a úsáid nó leas a bhaint as bearnaí i mbonneagar teicniúil sealbhóir sonraí atá ann chun sonraí a chosaint, chun rochtain ar shonraí a fháil;

(c) na sonraí feithicle a chur ar fáil do chuideachta a ainmníodh mar gheatóir de réir Airteagal 3 den Rialachán (AE) 2022/1925.

5. Rúndacht rúin ghnó

5.1 Tá de cheart ag úinéir na sonraí, sonraí ar leith nó catagóirí sonraí ar leith a ainmniú mar rúin ghnó ag am ar bith. Déantar an t-ainmniú trí mharcáil chuí, go háirithe i Data Dictionary na tairsí GIS. Tá an Data Dictionary ar fáil ag an nasc seo a leanas: “eu-data-act.drivesomethinggreater.com/ie/ga/service/data-dictionary“.

5.2 Geallann an t-úsáideoir na sonraí feithicle ar fad a bhfuil ainmnithe ag an sealbhóir sonraí mar rúin ghnó de réir alt 5(1) a choinneáil faoi rún docht daingean.

5.3 Cuirtear an t-úsáideoir ar an eolas faoi bhearta cosanta réasúnta, praiticiúla atá le glacadh ar bhealach cuí. Tá an fhaisnéis seo mar chuid cheangailteach den chonradh seo.

5.4 Tá oibleagáid na rúndachta i bhfeidhm go neamhtheoranta ó thaobh ama de, beag beann ar chealú nó foirceannadh eile an chonartha seo, fad is nach bhfuil an t-eolas ábhartha ar eolas go forleathan nó ar fáil go poiblí.

6. Sonraí a bhaineann le slándáil

6.1 I gcás go bhfuil sonraí atá ábhartha ó thaobh slándála de i gceist de réir Airteagal 4(2) den Data Act, ní thabharfar na sonraí seo atá ábhartha ó thaobh slándála de don úsáideoir (Airteagal 4(1) den Acht Sonraí) ná do thríú páirtithe (Airteagal 5(1) den Acht Sonraí).

7. Fad agus Cealú

7.1 Déantar an conradh seo do thréimhse an soláthar sonraí, mura gcuirtear ar ceal é de réir Alt 7(2).

7.2 Féadfaidh gach páirtí an comhaontú seo a chealú tráth ar bith trí fhógra de réir alt 8 den chonradh seo.

7.3 Tá na héifeachtaí seo a leanas ag an gcealú nó ag aon fhoirceannadh eile an chonartha:

a) Ón nóiméad a gcuirtear an fógra ar ceal, ní chuirfidh sealbhóir na sonraí aon sonraí nua feithicle ar fáil. A mhéid agus atá sonraí feithicle ar fáil don úsáideoir roimh dháta an chealaithe, féadfaidh an t-úsáideoir rochtain a fháil ar na sonraí feithicle sin tar éis an chealaithe laistigh den tréimhse ama a luaitear i dtaca le soláthar sonraí de réir na dtreoirlínte ar an ardán GIS.

b) Fanann gach foráil de réir alt 4 den chonradh seo i bhfeidhm go hiomlán maidir leis na sonraí feithicle atá ainmnithe mar rún gnó.

8. Fógraí

8.1 Caithfidh gach cumarsáid atá le tabhairt ag páirtí amháin don pháirtí eile i dtaca leis an gconradh seo a bheith i bhfoirm téacs. Is é an seoladh ríomhphoist lárnach chuige seo ó thaobh an tsealbhóra sonraí de: “euda-support@cariad.technology”.

8.2 Tá gach páirtí faoi cheangal an páirtí eile a chur ar an eolas gan mhoill faoi aon athruithe ar an bhfaisnéis ábhartha a bhaineann leis an gconradh seo. Soláthraíonn an sealbhóir sonraí gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis ar an tairseach GIS.

9. Teorainn Dliteanais

9.1 Tá an sealbhóir sonraí faoi dhliteanas – is cuma cén bunús dlí atá leis – gan teorainn maidir le cúiteamh damáiste as damáistí a tharlaíonn mar thoradh ar shárú dualgais d'aon ghnó nó de bharr faillí tromchúisí ag an sealbhóir sonraí nó ag aon duine dá ionadaithe dlíthiúla nó dá chúntóirí feidhmiúcháin.

9.2 I gcás sárú dualgais de bharr faillí simplí ag an sealbhóir sonraí nó ag ionadaí dlíthiúil nó cúntóir feidhmiúcháin dlíthiúil atá sannta don sealbhóir sonraí, ní bheidh an sealbhóir sonraí faoi dhliteanas ach amháin as damáistí a tharlaíonn mar thoradh uirthi sin agus atá ina ndíobháil don bheatha, don chorp nó don tsláinte, agus beidh sé faoi dhliteanas gan teorainn sna cásanna seo. I gcás sáruithe dualgais eile de bharr faillí simplí a dhéanann an sealbhóir sonraí nó ionadaí dlíthiúil nó cúntóir feidhmiúcháin dlíthiúil dá chuid, ní bheidh an sealbhóir sonraí faoi dhliteanas ach amháin i gcás sárú ar dhualgas conartha bunúsach. Beidh an dliteanas teoranta ó thaobh méid de, áfach, do na damáistí intuartha, tipiciúla conartha a bhí soiléir tráth déanta an chonartha; is iad

dualgais conartha bunúsacha na dualgais atá riachtanach chun an conradh a chur i gcrích go cuí ar an gcéad dul síos, a bhféadfadh a sárú cuspóir an chonartha a chur i mbaol agus ar a mbíonn an t-úsáideoir ag brath de ghnáth.

9.3 Ní dhéantar difear do dhliteanas na bpáirtithe de réir forálacha dlíthiúla éigeantacha maidir le dliteanas táirgí, go háirithe de bhun na Treorach AE maidir le Dliteanas Táirgí (Treoir (AE) 2024/2853) agus de bhun rialachán dlíthiúil inchomparáide.

10. Forálacha Deiridh

10.1 Má tá an t-úsáideoir ina thomhaltóir, beidh na hionaid dlínse i bhfeidhm do gach díospóid a eascraíonn as an gconradh seo nó i dtaca leis.

10.2 I gcás gur ceannaí, duine dlítheanach de chuid an dlí phoiblí nó maoin speisialta de chuid an dlí phoiblí é an t-úsáideoir, is é an chúirt eisiach do gach díospóid a eascraíonn as an gconradh seo nó i dtaca leis Wolfsburg, an Ghearmáin. Tá feidhm ag an ionad dlínse céanna mura bhfuil an Ghearmáin mar ionad dlínse ginearálta ag an úsáideoir nó má bhaintear leas as i gcaingean dlí agus má athraíonn sé a áit chónaithe nó a ghnátháit chónaithe tar éis an conradh a dhéanamh ón Ghearmáin go háit eile, nó mura bhfuil a áit chónaithe nó a ghnátháit chónaithe ar eolas tráth a gcuirtear tús leis an gcaingean dlí.

10.3 Tá feidhm ag dlí na Gearmáine i ndáil leis an gconradh seo, gan Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Conarthaí faoi Dhíol Idirnáisiúnta Earraí (CISG) a chur san áireamh. Ní dhéanann sé difear d'fheidhmiú forálacha éigeantacha a chuireann srian ar rogha dlí. In ainneoin feidhm a bheith le dlí na Gearmáine, tá úsáideoirí, go háirithe iad siúd atá ina dtomhaltóirí, á gcosaint ag forálacha éigeantacha dhlí an stáit ina bhfuil gnáthchónaí ag an tomhaltóir, amhail dlíthe cosanta tomhaltóirí..

10.4 Ní dhéanann sé difear d'Airteagal 10 den Data Act (Réiteach Díospóide).